## Ráiteas agus Measúnú Riosca um Chumhdach Leanaí Music Generation Chiarraí

## Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Is soláthraí oideachais Music Generation Chiarraí do leanaí agus do dhaoine óga suas go dtí 18 mbliana d'aois.

De réir cheanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí 2017, an Aguisín a ghabhann leis an Acht um Thús Áite do Leanaí (2019), naNósanna Imeachta do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna maidir le Cosaint Leanaí, arna leasú 2023agusThreoir Tusla maidir le hullmhú Ráiteas um Chumhdach Leanaí, chomhaontaigh Coiste Music Generation Chiarraí glacadh leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí atá leagtha amach sa doiciméad seo.

1 Ghlac Coiste Music Generation Chiarraí le *Nósanna Imeachta na Roinne do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna maidir le Cosaint Leanaí (arna leasú 2023)* agus cuirfidh sé i bhfeidhm na nósanna imeachta sin ina n-iomláine agus gan mhodhnú mar chuid den Ráiteas foriomlán um Chumhdach Leanaí seo

2 An Teagmhálaí Ainmnithe (DLP): ______Deirdre Johnson_____

3 An Leas-Teagmhálaí Ainmnithe: ____Seamus Whitty_______

4 An Duine Ábhartha: ______Deirdre Johnson________

5 Aithníonn Coiste Music Generation Chiarraí go bhfuil cosaint agus leas leanaí leata ar fud an chláir ar fad agus nach mór go mbeadh sé sin le brath i ngach gné de bheartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí an chláir. Ina chuid beartas, nósanna imeachta, cleachtas agus gníomhaíochtaí, cloífidh Music Generation Chiarraí leis na prionsabail dea-chleachtais seo a leanas maidir le cosaint agus leas leanaí:

- Aithneoidh Music Generation Chiarraí go bhfuil cosaint agus leas leanaí ríthábhachtach, beag beann ar aon cheist eile;
- comhlíonfaidh sé a oibleagáidí reachtúla go léir faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus faoi réir aon reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;
- comhoibreoidh sé go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha i gcúrsaí cosanta agus leasa leanaí;
- glacfaidh sé le cleachtais shábháilte chun aon dochar nó timpiste a d'fhéadfadh a tharlú do leanaí a mhaolú agus chun oibrithe a chosaint ar rioscaí inseachanta maidir le drochíde nó faillí a d'fhéadfaí a chur ina leith;
- forbróidh sé caidreamh oscailte le tuismitheoirí agus spreagfaidh sé rannpháirtíocht tuismitheoirí in oideachas a leanaí; agus
- déanfaidh sé riachtanais rúndachta a lánurramú agus é ag déileáil le cúrsaí cosanta leanaí.

Chomh maith leis sin, cloífidh Music Generation Chiarraí leis na prionsabail thuasluaite maidir le haon rannpháirtí fásta a bhfuil leochaileacht ar leith ag baint leis.

6. Tá na nósanna imeachta/bearta seo a leanas i bhfeidhm:

- Maidir le haon bhall foirne is ábhar d'aon imscrúdú (cibé tuairisc atá air) maidir le haon ghníomh, neamhghníomh nó imthoisc a bhaineann le leanbh atá rannpháirteach i gclár Music Generation Chiarraí, cloíonn Music Generation Chiarraí leis na nósanna imeachta ábhartha atá leagtha amach i gCaibidil 7 de na *Nósanna Imeachta do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna maidir le Cosaint Leanaí (arna leasú 2023)* agus cloíonn sé leis na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe ábhartha don fhoireann a fhoilsítear ar an suíomh gréasáin gov.ie.

- Maidir le roghnú nó earcú foirne agus maidir lena n-oiriúnacht a bheith ag obair le leanaí, cloíonn Music Generation Chiarraí le riachtanais reachtúla ghrinnfhiosrúcháin na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Leochaileachta) 2012 go 2016, agus leis an treoir maidir le dualgas cúraim níos leithne atá leagtha amach i gciorcláin ábhartha ghrinnfhiosrúcháin agus earcaíochta an Gharda Síochána, arna bhfoilsiú ag an Roinn Oideachais, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin gov.ie.

- Maidir le soláthar faisnéise agus, más gá, treoir agus oiliúint a thabhairt don fhoireann maidir le sainaithint na dóchúlachta go dtarlódh dochar (mar a mhínítear in Acht 2015), rinne Music Generation Chiarraí -

  - Cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí Music Generation Chiarraí a chur ar fáil do gach ball foirne.
  - Déanann sé cinnte go gcuirtear cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí Music Generation Chiarraí ar fáil do gach ball foirne.
  - Spreagann sé baill foirne chun leas a bhaint as deiseanna oiliúna ábhartha
  - Spreagann sé comhaltaí an Choiste chun leas a bhaint as deiseanna oiliúna ábhartha.
  - Coinníonn Coiste Music Generation Chiarraí taifid de rannpháirtíocht gach ball foirne agus comhalta Coiste i gcúrsaí oiliúna.

- Maidir le hábhair imní faoi chosaint leanaí a thuairisciú do Tusla, ceanglaítear ar phearsanra uile Music Generation Chiarraí cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sna Nósanna Imeachta do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna maidir le Cosaint Leanaí (arna leasú 2023), lena n-áirítear i gcás Oideoirí Ceoltóirí, sé sin na nósanna imeachta a bhaineann le tuairisciú sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- Is duine sainordaithe é gach Oideoir Ceoltóirí atá fostaithe ag Music Generation Chiarraí faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

- De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 agus an Aguisín a ghabhann leis an Acht um Thús Áite do Leanaí (2019), tá measúnú déanta ag Coiste Music Generation Chiarraí ar aon dóchúlacht go ndéanfaí dochar do leanbh agus iad ag freastal ar léirithe agus ar chláir Music Generation Chiarraí. Tá measúnú i scríbhinn, ina leagtar amach na réimsí riosca sainaitheanta agus na nósanna imeachta chun na rioscaí sin a bhainistiú, ceangailte mar aguisín leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo.

- Is féidir rochtain a fháil ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa ráiteas seo trí One Drive Music Generation Chiarraí, tríd an suíomh gréasáin gov.ie, nó arna iarraidh sin ar Music Generation Chiarraí.

7. Foilsíodh an ráiteas seo ar leathanach Music Generation Chiarraí de shuíomh gréasáin BOO Chiarraí agus cuireadh ar fáil é do phearsanra uile Music Generation Chiarraí agus do scoileanna agus

eagraíochtaí comhpháirtíochta a rinne é a iarraidh. Is féidir le tuismitheoirí agus caomhnóirí an ráiteas a fháil gan stró arna iarraidh sin. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fáil do Tusla agus don Roinn má iarrtar sin.

8. Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo nó déanfar athbhreithniú air a luaithe is indéanta tar éis athrú ábhartha a theacht ar aon ábhar lena mbaineann an ráiteas.

Ghlac Coiste Music Generation Chiarraí leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo an _____12.10.2023____________ [dáta].

Rinne Coiste Music Generation Chiarraí an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo a athbhreithniú an ___12.09.2024______________ [an dáta athbhreithnithe is déanaí].

Sínithe: Deirdre Johnson
Deirdre Johnson (Oct 18, 2024 11:50 GMT+1)

Cathaoirleach Choiste Music Generation

Dáta: Oct 18, 2024

Sínithe: Seamus Whitty
Seamus Whitty (Oct 18, 2024 12:52 GMT+1)

Oifigeach Forbartha Ceoil

Dáta: Oct 18, 2024

## Measúnú Riosca um Chumhdach Leanaí

### Measúnú Riosca i Scríbhinn Music Generation Chiarraí

De réir alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus de réir cheanglais Chaibidil 8 de na *Nósanna Imeachta do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna maidir le Cosaint Leanaí (arna leasú 2023)*, seo a leanas Measúnú Riosca i Scríbhinn Music Generation Chiarraí.

1. **Liosta na ngníomhaíochtaí scoile**

| |
|---|
| Teacht agus imeacht laethúil na rannpháirtithe |
| Amanna sosa na rannpháirtithe |
| Teagasc seomra ranga |
| Teagasc duine le duine |
| Gníomhaíochtaí Teagaisc Allamuigh |
| Teagasc ar líne agus Cianfhoghlaim |
| Turais MG Chiarraí |
| Turais thar oíche MG Chiarraí |
| Turais thar lear MG Chiarraí |
| Úsáid leithris/seomraí feistis/seomraí cithfholctha in Ionaid MG Chiarraí |
| Imeachtaí tiomsaithe airgid a mbíonn scoláirí páirteach iontu |
| Úsáid áiseanna lasmuigh de láthair na scoile le haghaidh gníomhaíochtaí MG Chiarraí |
| Socruithe iompair MG Chiarraí, lena n-áirítear tionlacain bus a úsáid |
| Aire a thabhairt do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear dlúthchúram pearsanta nuair is gá. |
| Aire a thabhairt do scoláirí fásta leochaileacha, lena n-áirítear dlúthchúram pearsanta nuair is gá |
| Iompar dúshlánach i measc scoláirí a bhainistiú, lena n-áirítear srian réasúnta a chur ar dhaoine nuai is gá. |
| Soláthar bia agus deochanna a bhainistiú |
| Cógas leighis a thabhairt |
| Cóireáil Gharchabhrach a thabhairt |
| Déileáil le bulaíocht agus í a chosc i measc scoláirí |
| Oiliúint a chur ar Oideoirí Ceoltóirí agus ar phearsanra eile Music Generation Chiarraí maidir le cúrsa Cosanta Leanaí |
| Pearsanra Seachtrach a úsáid chun cur le seachadadh an churaclaim |
| Aire a thabhairt do Rannpháirtithe a bhfuil leochaileachtaí/riachtanais ar leith acu, mar shampla;<br>- Rannpháirtithe ó mhionlaigh eitneacha – imircigh<br>- Daoine den lucht siúil<br>- Leanaí leispiacha, aeracha, déghnéasacha nó trasinscneacha (LADT)<br>- Rannpháirtithe a mheastar iad a bheith LADT<br>- Rannpháirtithe a bhaineann le mionlaigh reiligiúnacha<br>- Leanaí atá faoi chúram<br>- Leanaí atá cláraithe le Córas Fógartha um Chosaint Leanaí Tusla (CPNS)<br>- Leanaí a bhfuil riachtanais liachta acu |

| |
|---|
| Pearsanra scoile a earcú, lena n-áirítear;<br>- Pearsanra Teagaisc<br>- Pearsanra Riaracháin<br>- Pearsanra Teagaisc Seachtrach<br>- Aoichainteoirí<br>- Oibrithe Deonacha/Tuismitheoirí a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí Music Generation Chiarraí |
| An úsáid a bhaineann rannpháirtithe as teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide in ionaid an chlái lena n-áirítear na meáin shóisialta |
| Scoláirí a dhéanann taithí oibre mar chuid de chlár Music Generation Chiarraí |
| Múinteoirí faoi oiliúint atá ag tabhairt faoi shocrúchán oiliúna i gcláir Music Generation Chiarraí |
| Físeán/grianghrafadóireacht/meáin eile a úsáid chun imeachtaí Music Generation Chiarraí thaifeadadh |
| Úsáid eagraíochtaí eile d'áitribh ar cíos tar éis am scoile ag an am céanna agus a úsáideann cláir Musi Generation Chiarraí na háitribh sin. |

2. **Aithníonn Music Generation Chiarraí an riosca dochair a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar a chuid gníomhaíochtaí –**

| Uimh. | An Riosca a aithníodh | Leibhéal an Riosca a aithníodh | An Nós Imeachta atá i bhfeidhm chun an riosca a aithníodh a bhainistiú. |
|---|---|---|---|
| 1. | Teacht agus imeacht laethúil na rannpháirtithe | Íseal | ➢ Cuirtear tuismitheoirí ar an eolas faoi uaireanta oibriúcháin MG Chiarraí.<br>➢ Tá nósanna imeachta soiléire ann maidir leis na scoláirí a scaoileadh saor ón rang.<br>➢ Tá nósanna imeachta soiléire ann maidir le glasáil agus oscailt foirgnimh a úsáideann MG Chiarraí. |
| **2** | Amanna Sosa na Scoláirí | Íseal | ➢ Déantar maoirseacht ar rannpháirtithe Music Generation Chiarraí i gcónaí<br>➢ Coinnítear cóimheas cuí idir an fhoireann agus na rannpháirtithe<br>➢ Déanann rannpháirtithe Music Generation Chiarraí agus a dtuismitheoirí cód iompair a chomhaontú sula gcuirtear an clár i gcrích |
| **3** | Teagasc seomra ranga | Meán | ➢ Cloíonn MG Chiarraí le riachtanais reachtaíocht ghrinnfhiosrúcháin an |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | Gharda Síochána agus le ciorcláin ábhartha na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le hearcaíocht agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána<br>➢ Comhlíonann MG Chiarraí cóid iompair BOO Chiarraí do phearsanra MG Chiarraí (foireann teagaisc agus neamhtheagaisc)<br>➢ Comhlíonann MG Chiarraí nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe BOO Chiarraí don fhoireann teagaisc |
| 4. | Teagasc duine le duine | | ➢ Déanann BOO Chiarraí gach ball de phearsanra teagaisc MG Chiarraí a chur faoi ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána<br>➢ Faigheann pearsanra MG Chiarraí oiliúint agus treoir maidir le teagasc duine le duine<br>➢ Tarlaíonn teagasc duine le duine in áiseanna atá faofa ag BOO Chiarraí |
| 5. | Teagasc Allamuigh | Íseal | ➢ Déanann Music Generation Chiarraí measúnú riosca ar gach gníomhaíocht teagaisc allamuigh<br>➢ Eagraítear gach gníomhaíocht teagaisc allamuigh in áiteanna atá faofa ag BOO Chiarraí |
| 6. | Teagasc ar líne | Ard | ➢ Reáchtáiltear ceachtanna i limistéir den teach atá oscailte agus inrochtana do thuismitheoirí na scoláirí<br>➢ Tarlaíonn na ceachtanna agus an chumarsáid idir daltaí agus múinteoirí trí sheoladh ríomhphoist tuismitheora/caomhnóra |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | ➢ Reáchtáiltear ceachtanna agus idirghníomhú leis na daltaí ag baint úsáide as seoladh ríomhphoist a sholáthraíonn agus a rialaíonn Music Generation Chiarraí.<br>➢ Déantar gach socrú/athshocrú i dtaca le ceachtanna a riar trí thuismitheoir. |
| 7 | Turais MG Chiarraí | Ard | ➢ Tá beartais agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag MG Chiarraí maidir le turais MG Chiarraí.<br>➢ Tionlacann pearsanra BOO Chiarraí nó pearsanra freagrach eile scoláirí ar feadh cuid dá dtréimhse socrúcháin.<br>➢ Tá beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag MG Chiarraí maidir le daoine seachtracha a úsáid chun cur le seachadadh an churaclaim. Déantar gach ball d'fhoireann teagaisc BOO Chiarraí a thionlacann scoláirí ar thurais MG Chiarraí nó a thionlacann scoláirí chuig imeachtaí spóirt a chur faoi ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána. |
| 8 | Turais thar oíche MG Chiarraí | Ard | ➢ Déanann foireann MG Chiarraí maoirseacht ar ghníomhaíochtaí uile MG Chiarraí.<br>➢ Déanann MG Chiarraí measúnú riosca ar gach rang, turas agus cuairt atá beartaithe.<br>➢ Déanann Oifigeach Forbartha Ceoil cigireacht ar lóistín oíche agus déanann BOO Chiarraí an lóistín sin a fhaomhadh |
| 9 | Turais thar lear MG Chiarraí | Ard | ➢ Déantar measúnú riosca ar thurais thar lear |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | ➢ Ní mór do gach turas thar lear faomhadh BOO Chiarraí a fháil<br>➢ Déantar cinnte an cóimheas cuí a choinneáil idir an fhoireann agus na scoláirí i gcónaí |
| 10 | Úsáid leithris/seomraí feistis/seomraí cithfholctha in Ionaid MG Chiarraí | Íseal | ➢ Déanann BOO Chiarraí gach ionad a úsáideann Music Generation Chiarraí a fhaomhadh roimh ré ó thaobh sábháilteachta de<br>➢ Cuireadh pearsanra Music Generation Chiarraí faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus tugadh oiliúint dóibh maidir le húsáid leithris/seomraí feistis/seomraí cithfholctha le linn chláir Music Generation Chiarraí. |
| 11 | Imeachtaí tiomsaithe airgid a mbíonn scoláirí páirteach iontu | Íseal | ➢ Déanann Music Generation Chiarraí measúnú riosca ar gach imeacht tiomsaithe airgid atá beartaithe.<br>➢ Faigheann Music Generation Chiarraí ráitis sábháilteachta ó lucht eagraithe ócáidí sula gcuirtear tús leo.<br>➢ Coinnítear cóimheas cuí idir líon na mball foirne agus na rannpháirtithe i gcónaí. |
| 12 | Úsáid áiseanna lasmuigh de láthair na scoile le haghaidh gníomhaíochtaí MG Chiarraí | Íseal | ➢ Bíonn na háiseanna lasmuigh de láthair na scoile a úsáidtear do ghníomhaíochtaí Music Generation Chiarraí faoi réir Thuarascáil Cigireachta For-rochtana a |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | dhéanann BOO Chiarraí.<br>➢ Éilítear Ráitis Sábháilteachta Láithreáin agus pleananna aslonnaithe ó na heagraithe sula gcuirtear aon chlár i gcrích.<br>➢ Bíonn líon ball foirne cuí ar fáil do gach clár de chuid Music Generation Chiarraí d’fhonn sábháilteacht a chinntiú. |
| 13 | Socruithe iompair MG Chiarraí, lena n-áirítear tionlacain bus a úsáid | Íseal | ➢ Is é BOO Chiarraí a dhéanann gach socrú maidir le seirbhísí busanna agus taistil cuí a sholáthair d’fhonn sábháilteacht a chinntiú.<br>➢ Coinnítear cóimheas cuí idir líon na mball foirne agus na rannpháirtithe i gcónaí chun sábháilteacht a chinntiú. |
| 14 | Aire a thabhairt do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear dlúthchúram pearsanta nuair is gá. | Íseal | ➢ Déantar measúnú riosca ar gach clár Music Generation Chiarraí sula gcuirtear i gcrích iad.<br>➢ Is in ionaid speisialaithe a chuirtear ar fáil cláir Music Generation Chiarraí a fhreastalaíonn ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.<br>➢ Cuireann baill foirne na n-ionad speisialaithe, seachas na hOideoirí Ceoltóirí, an dlúthchúram pearsanta is gá ar fáil sna hionaid seo. |
| 15 | Aire a thabhairt do rannpháirtithe leochaileacha fásta, lena n-áirítear dlúthchúram pearsanta a thabhairt dóibh nuair is gá. | Íseal | ➢ Déantar measúnú riosca ar gach clár Music Generation Chiarraí sula gcuirtear i gcrích iad.<br>➢ Is in ionaid speisialaithe a chuirtear ar fáil cláir Music Generation Chiarraí a fhreastalaíonn ar dhaoine |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | fásta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.<br>➢ Cuireann baill foirne na n-ionad speisialaithe, seachas na hOideoirí Ceoltóirí, an dlúthchúram pearsanta is gá ar fáil sna hionaid seo. |
| 16 | Iompar dúshlánach i measc scoláirí a bhainistiú, lena n-áirítear rabhadh ó bhéal nó srian fisiciúil/neamhfhisiciúil cuí a chur ar dhaoine nuair is gá | Meán | ➢ Comhaontaíonn rannpháirtithe cóid iompair leis na hOideoirí Ceoltóirí sula gcuirtear i gcrích an clár.<br>➢ Bíonn na hOideoirí Ceoltóirí ina samplaí den dea-iompar le linn na seisiún.<br>➢ Coinnítear cóimheas cuí idir líon na mball foirne agus na rannpháirtithe.<br>➢ Cuirtear oiliúint ar Oideoirí Ceoltóirí maidir le bainistíocht ranga. |
| 17 | Soláthar bia agus deochanna a bhainistiú | Ard | ➢ Déantar measúnú riosca ar ghníomhaíochtaí uile Music Generation Chiarraí ag a bhfuil bia agus deoch le fáil.<br>➢ Is soláthraithe oifigiúla na comhlachtaí a chuireann bia agus deoch ar fáil do rannpháirtithe.<br>➢ Iarrtar faisnéis mhionsonraithe faoi ailléirgí nó íogaireachtaí bia eile roimh ghníomhaíochtaí a chur i gcrích ag a bhfuil bia agus deoch ar fáil.<br>➢ Cuirtear foireann uile an chláir ar an eolas faoi na hailléirgí agus na híogaireachtaí bia sin. |
| 18 | Cógas leighis a thabhairt | Ard | ➢ Iarrtar eolas mionsonraithe ó thuismitheoirí maidir le cógas leighis a thabhairt.<br>➢ Nuair is cuí, síníonn tuismitheoirí foirm cheadaithe chun cógas nó cúram leighis éigeandála a thabhairt sula gcuirtear i gcrích clár (m.sh. turais)<br>➢ Aontaíonn rannpháirtithe an fhoireann a choinneáil ar an eolas faoi aon riachtanais cógas leighis le linn an turais. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | ➢ Coinnítear liosta teagmhálaithe i gcás éigeandála. |
| 19 | Cóireáil Gharchabhrach a thabhairt | Meán | ➢ Déantar measúnú riosca ar gach clár Music Generation Chiarraí d'fhonn dochar nó díobháil neamhriachtanacha a sheachaint.<br>➢ Cuirtear Fearas Garchabhrach ar fáil d'oideoirí ceoltóirí Music Generation Chiarraí a bhfuil clár as an láthair á sholáthar acu.<br>➢ Bíonn sonraí teagmhála éigeandála ar láimh i gcónaí. |
| 20 | Déileáil le bulaíocht agus í a chosc i measc scoláirí | Meán | ➢ Cloíonn Music Generation le cód iompair BOO Chiarraí.<br>➢ Tá Beartas Frithbhulaíochta ag MG Chiarraí a chloíonn go hiomlán le riachtanais Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta na Roinne do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna |
| 21 | Oiliúint na nOideoirí Ceoltóirí i gcúrsaí Cosanta Leanaí | Ard | ➢ Déanann BOO Chiarraí pearsanra Music Generation Chiarraí a chur faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána sula dtéann siad i mbun teagaisc.<br>➢ Cuireann Music Generation Chiarraí an t-eolas is déanaí maidir le Cumhdach Leanaí ar fáil do gach ball foirne, agus cuirtear oiliúint orthu ina leith go rialta.<br>➢ Tá Oiliúint Dhaoine faoi Shainordú faighte ag pearsanra uile Music Generation Chiarraí.<br>➢ Is furasta teagmháil a dhéanamh leis an Teagmhálaí Ainmnithe (DLP) i gcónaí. |
| 22 | Pearsanra Seachtrach a úsáid chun an Curaclam a chur i gcrích | Ard | ➢ Déanann BOO Chiarraí gach oibrí deonach a chur faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.<br>➢ Ní mór do gach Oibrí Deonach agus gach |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | Cuairteoir síniú isteach ag an bhfáiltiú.<br>➢ Ní fhágtar aon oibrí deonach ná cuairteoir ina n-aonar le leanbh.<br>➢ Faigheann gach Oibrí Deonach oiliúint ó Music Generation Kerry |
| 23 | Aire a thabhairt do Rannpháirtithe a bhfuil leochaileachtaí/riachtanais speisialt acu, mar shampla;<br>– Rannpháirtithe ó mhionlaigh eitneacha – imircigh<br>– Daoine den lucht siúil<br><br>– Leanaí leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha (LADT<br>– Rannpháirtithe a meastar a bheit LADT<br><br>– Rannpháirtithe a bhaineann l mionlaigh reiligiúnacha<br><br>– Leanaí atá faoi chúram<br>– Leanaí atá cláraithe le Córas Fógartha um Chosaint Leanaí Tusla (CPNS) – leanaí a bhfu riachtanais leighis acu | Ard | ➢ Cuirtear oiliúint ar gach ball foirne de chuid Music Generation Chiarraí maidir le cúrsaí Cosanta Leanaí, lena n-áirítear cúrsaí a bhaineann le hoideachas rannpháirtithe a bhfuil leochaileachtaí ar leith acu.<br>➢ Cothaítear atmaisféar fáilteach do na rannpháirtithe ar fad.<br>➢ Tá réimse leathan clár ar fáil chun freastal ar riachtanais na rannpháirtithe ar a dtéarmaí féin. |
| 24 | Pearsanra scoile a earcú, lena n-áirítear;<br>- Pearsanra Teagaisc<br>- Pearsanra Riaracháin<br>- Pearsanra Teagaisc Seachtrach<br>- Aoichainteoirí<br>- Oibrithe Deonacha/Tuismitheoirí a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí Music Generation Chiarraí | | ➢ Cloíonn MG Kerry le riachtanais reachtaíocht ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus le ciorcláin ábhartha na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le hearcaíocht agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.<br>➢ Comhlíonann MG Kerry cóid iompair BOO Chiarraí do phearsanra MG CHIARRAÍ (foireann teagaisc agus neamhtheagaisc)<br>➢ Comhlíonann MG Kerry nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe BOO Chiarraí don fhoireann teagaisc<br>➢ Déanann BOO Chiarraí gach oibrí deonach a chur faoi |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus déanann an tOifigeach Forbartha Ceoil iad a ionduchtú. |
| 25 | An úsáid a bhaineann scoláirí as teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide in ionaid an chláir, lena n-áirítear na meáin shóisialta | Meán | ➢ Cuirtear cláir Music Generation Chiarraí ina n-úsáidtear an teicneolaíocht chumarsáide ar fáil trí chóras bainistíochta foghlama.<br>➢ Bíonn leibhéal cuí maoirseachta foirne i bhfeidhm i gcónaí chun mí-úsáid na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a sheachaint. |
| 26 | Scoláirí a dhéanann taithí oibre mar chuid de chlár Music Generation Chiarraí | Íseal | ➢ Cuireann an tOifigeach Forbartha Ceoil oibrithe mac léinn deonacha faoi agallamh agus tugtar oiliúint ionduchtúcháin dóibh sula dtugtar socrúchán dóibh.<br>➢ Déanann an tOideoir Ceoltóirí maoirseacht ar oibrithe mac léinn deonacha i gcónaí. |
| 27 | Múinteoirí faoi oiliúint atá ar socrúchán i scoileanna | Íseal | ➢ Déanann BOO Chiarraí múinteoirí faoi oiliúint a chur faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána sula dtugtar socrúchán dóibh.<br>➢ Cuireann an tOifigeach Forbartha Ceoil múinteoirí faoi oiliúint faoi agallamh agus tugtar oiliúint ionduchtúcháin dóibh sula dtugtar socrúchán dóibh.<br>➢ Ní fhágtar múinteoirí faoi oiliúint gan mhaoirseacht riamh le linn do ghníomhaíocht Music Generation Chiarraí a bheith ar bun.<br>➢ Éilítear ar Oibrithe Deonacha cloí leis na Nósanna Imeachta do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna maidir le Cosaint Leanaí 2017 |
| 28 | Físeán/grianghrafadóireacht/meáin eile a úsáid chun imeachtaí a thaifeadadh | Meán | ➢ Taifeadtar gach grianghraf agus físeán ar ghléasanna BOO Chiarraí.<br>➢ Faightear toiliú i scríbhinn ó thuismitheoirí agus ó rannphháirtithe os cionn 12 chun aon mheán a úsáid i ndáil le leanbh. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 29 | Úsáid eagraíochtaí eile d'áitribh ar cíos tar éis am scoile ag an am céanna agus a úsáideann cláir Music Generation Chiarraí na háitribh sin | Íseal | ➢ Tá gach ionad a úsáideann Music Generation Chiarraí faoi réir Thuarascáil Cigireachta For-rochtana.<br>➢ Bíonn leibhéal maoirseachta dóthanach i bhfeidhm ag Music Generation Chiarraí i gcónaí.<br>➢ Déanann foireann Oideoirí Ceoltóirí maoirseacht leanúnach ar rannpháirtithe Music Generation Chiarraí. |

**3. Tá na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm ag Music Generation Chiarraí chun dul i ngleic leis na rioscaí dochair a aithníodh sa mheasúnú seo –**

**Nóta Tábhachtach:** Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb ionann 'riosca' i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca seo agus

Agus an measúnú riosca seo á dhéanamh aige, rinne MG Chiarraí iarracht, a mhéid is indéanta le réasún, na rioscaí dochair a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do MG Chiarraí a aithint agus a chinntiú go bhfuil na nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun
na rioscaí ar fad a aithnítear a bhainistiú. Cé nach féidir gach riosca dochair a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnú riosca seo curtha i bhfeidhm ag MG Chiarraí
chun rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a bhainistiú agus a laghdú a oiread agus is féidir.

Rinneadh ár Ráiteas um Chumhdach Leanaí a fhorbairt ar aon dul le ceanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí, 2017* agus *Cosaint Leanaí: Treoir Tusla maidir le Beartas, Nósanna Imeachta agus Cleachtas.* Chomh maith leis na nósanna imeachta a leagtar amach inár measúnú riosca, tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas leis an rún atá againn leanaí a chosaint fad is atá ár seirbhísí á n-úsáid acu:

- Nós Imeachta BOO Chiarraí maidir le bainistiú líomhaintí mí-úsáide nó mí-iompair in aghaidh ball foirne/oibrithe deonacha i leith leanbh atá ag baint leasa as ár seirbhísí;
- Nós Imeachta BOO Chiarraí maidir le hearcú agus roghnú sábháilte ball foirne agus oibrithe deonacha le bheith ag obair le leanaí;
- Nós Imeachta BOO Chiarraí maidir le hoiliúint agus faisnéis faoi chumhdach leanaí a chur ar fáil, lena n-áirítear oiliúint agus faisnéis maidir le dochar a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint;
- Nós Imeachta BOO Chiarraí maidir le hábhair imní faoi chosaint agus leas leanaí a thuairisciú le Tusla;
- Nós Imeachta BOO Chiarraí maidir le liosta de na daoine sa tseirbhís ábhartha, ar dhaoine sainordaithe iad, a choinneáil;
- Nós imeachta BOO Chiarraí maidir le daoine cuí a cheapadh.

Tá gach ceann de na nósanna imeachta thuasluaite ar fáil ar SharePoint BOO Chiarraí nó arna iarraidh sin.

**Cur i bhFeidhm**

Agus an measúnú riosca seo á dhéanamh aige, rinne MG Chiarraí iarracht, a mhéad a bhí indéanta le réasún, na rioscaí dochair a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do MG Chiarraí a aithint agus a chinntiú go bhfuil na nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú. Cé nach féidir gach riosca dochair a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnú riosca seo curtha i bhfeidhm ag MG Chiarraí chun rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a bhainistiú agus a laghdú a oiread agus is féidir.

“dochar” de réir mar a shainmhínítear an coincheap sin san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, agus n
sa dóigh a thuigtear riosca sláinte agus sábháilteachta go ginearálta. Leagtar amach an sainmhíniú der
choincheap
”dochar” i gCaibidil 4 de na *Nósanna Imeachta do Bhunscoileanna agus d’Iar-bhunscoileanna maidir le Cosaint Leanaí 2017*